2025/182

3.2.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/182 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Eanáir 2025

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/901 chun foirmle cheimiceach salainn monasóidiam 5'-fosfáite ribeaflaivine a cheartú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/901 ón gCoimisiún ([2]) údaraíodh an tsubstaint salann monasóidiam 5'-fosfáite ribeaflaivine a tháirgtear le *Bacillus subtilis* (DSM 17339 agus/nó DSM 23984) mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ar feadh 10 mbliana.

(2) Níl an fhoirmle cheimiceach i saintréithriú na substainte gníomhaí ceart, áfach, agus is gá an fhoirmle bhailí a chur ina hionad.

(3) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/901 ón gCoimisiún

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/901, uimhir aitheantais 3a 826, an ceathrú colún 'Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse', cuirtear an fhoirmle '$C_{17}H_{20}N_4O_9PNa$' in ionad na foirmle '$C_{17}H_{22}N_4O_9PNa$'.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/901 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2019 maidir le ribeaflaivin arna táirgeadh ag *Ashbya gossypii* (DSM 23096), ribeaflaivin arna táirgeadh ag *Bacillus subtilis* (DSM 17339 agus/nó DSM 23984) agus salann monasóidiam 5'-fosfáite ribeaflaivine arna tháirgeadh ag *Bacillus subtilis* (DSM 17339 agus/nó DSM 23984) (foinsí vitimín B_2) a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 144, 3.6.2019, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/901/oj).

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN